

ÉANACHA.

Éanacha a bhíos i naice na dtightheadhaí bíonn siad tíreamhail- ní bhíonn aon choithighear ag baint leo. Bíonn na héanacha ag ceol nuair a airigeann siad an lá. ..1/3/31.

GAINÉAD

Chuala mé na seandaoine nach raibh an gainéad ag dul ag ísliú ar aon chloch ach ar chloch aoil ní ísleochaidh sé go deo go dtéigídh sé go Ciarraidhe.

An grí Mhuimhneach d'airigh sí an torann nuair a caitheadh drúcht uaine síos le fána na haille. Chuaidh sí sa bhfairrge ina dhiaidh agus thóg sí aníos ina crubáibh í. Dubhairt sí go mba mhór an comhlúadar do na héanacha óga é agus leag sí sa nead é bhí a lámha is a chosa ceangailte le éadacha. Nuair a thosuigh an tuisge a bhí olta aige ag fuaradh agus nuair a bhí an t-ocras ag teacht air mhabhuigh sé ceann de na héanacha óga agus dith sé é.(feic sgéal Loinnir Mhic Leabhair)

ÉANACHA

Bodardris=stoneclat

Dreoilín mór= hedgesparrow

Tá an smólach riabhach

Cearc an loin tá sí riabhach mar bheadh gragamar innte,

Gragaram=Dath bán agus inneach dubh éadach a mbéidh an oiread báin ann is a bhéas den dubh, tugtar gragaram air sin.

Snagaire=magpie.

Narmuid beag na dtruslog=magpie bíonn sé ag caitheamh na dtruslóg siúrálta. Sé an snagairc a mhúin do chuile éan aca nead a déanamh i dtosach. Mhúin sé do chuid aca nead a dhéanamh ní b'fhearr ná an chuid eile ach ní bhíonn aon chloigeann ar an nead ag an gcuid is mó aca ach aige féin. Mhúin sé de chuid aca cámhara a chuir taobh istigh de phuiteach, buailfidh siad síos an phuiteach le na gcosa. Tiubhraidh siad leo í ina ngob agus buailfidh siad le n-a gcosa í. Taltóchaidh siad agus nuair a bhéas sé talta aca triomóchaidh sí agus cruaidhfídh sí. Cuimligheann a gclumhach dé agus béidh sí inaon airde amháin.

Níór mhaith le daoine snagairc aoineara a fheiceál.

Fionnóg. Tá sí an chríonna. Tá sí ag faire ar na cnúic i gcomhnaidhe. Is mar gheall ar an dreancaid a liathaigh sí (sgéal cuileog agus dreancaid) mbeacha is feoil is maith léithe. Beathnuigheann sí na héanacha óga le huibheacha is feoil.

AN CHORR SGRÉACHÓG.

Bíonn an chorr sgréachóg ag faire go deo go bhfeiceann sí an breac fúithe san uisce - sa tanaidhe. Ar an bpointe is a fheicfeas sí an breac cuirfidh sí an gob síos agus marbhóchaidh sí cinnte é. Tá muineál fada aice. Níl éan ar bith is fuide muineál ná í. Tiubhraidh sí an breac ar an talamh is marbhóchaidh sí é. Sluigeann sí an bheatha. Nuair a thagann sí go dtí an nead cuireann sí an bheatha aníos as a próca do na héanacha óga.

Bhí coill ar Oileán an Bhalla i Loch na Sgainimh. Bhíodh duine de na Flaitheartaigh ina chomhnaidhe ann fadó. Nuair a bhí mé óg bíodh neadracha ag na corr sgréachóga ar na craobhacha, chúig nó sé de neadracha. Bhímís ag caitheamh cloch leis na corr sgréachóga go gcuirmís de na neadracha iad. Thagadh na fionnóga agus thógaidís leo na huibheacha agus chuiridís i bhfolach ins an gcaonach iad. Bíodh gasúr againn ag faire na bhfionnóg. Gabhamaois annsin agus thógamaid linn na huibheacha, ní raibh aon locht orthabh. Bhain fear an choill agus d'imthigh na corr sgréachóga go háit éicint eile. Tá cuimse go deo de na corr sgréachóga ar loch Piobrum. Is iongantach an loch breac Piobrum. Nuair a bhíonn na bric ag síolrú sa sruthán buaileann an corr sgréachóg iad agus marbhúigheann go leor aca. Leipreacháin = éanacha óga, fíonach ortha (fionnadh). Nuair a theagann siad amach bíonn craiceann dearg ortha gan aon chlúmhach agus na súile dúnta. Tagann clumhach mín ortha. Tá siad annsin ina leipreacháin Ní fhaca tú ariamh éan óg chó gránna leis an gcorr sgréachóg óg. Sé an nós a bhfuil na cosa ag an gcorr sgréachóg agus í ar eiltreoig amach thar an drioball. Sé an nós a mbíonn na cosa ag an bhfionnóg amach faoi na brollach, is ar deis a bhíonn na crúba mar sin ag an bhfionnog ag faire go bhfeiceann sí rud a thiubhraidh sí leithe. Tá feoil corr sgréachóige go maith ach í a mharbhú le ré dorchá - nuair a bhíonn an ghealach cúltá. Nuair a bhíonn an ghealach ann sgannruigheann a sgáil féin an t-éan agus ní fhanann aon mhaith innte. Bíonn sí sgannruighe.

Bíonn éan i gcomhnaidhe ag aireachas ag na geabhaí fiadháine.

(Maidir le feoil níl an préachán dubh ag dul ag cromadh uirthé.)